CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# Treoirlínte maidir le nósanna imeachta earcaíochta d'oifigigh shinsearacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Is le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a rialaítear nósanna imeachta earcaíochta le haghaidh oifigigh shinsearacha i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Tá sé mar aidhm leis na nósanna imeachta sin a chinntiú go mealltar na daoine is tréithí don institiúid, arna n-earcú ar bhonn fiúntais, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal an chomhionannais agus ar an toirmeasc ar idirdhealú d'aon chineál, ar an mbonn geografach is leithne is féidir as measc náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

## Nós imeachta earcaíochta le haghaidh oifigigh shinsearacha (Ard-Stiúrthóirí agus Stiúrthóirí)

Tá an nós imeachta a leanann an Chúirt chun oifigigh shinsearacha a earcú bunaithe ar Airteagal 29(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh *.

Déantar cur síos sa ghlao ar iarratais, a fhoilsítear i bprionsabal i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ar an bpost atá le líonadh agus ar an bpróifíl atá á lorg. Sainítear ann na coinníollacha incháilitheachta agus na heilimintí atá le cur san áireamh sna comhaid iarratais.

Tá na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach sa ghlao ar iarratais ceaptha chun iarrthóirí a mhealladh a bhfuil an caighdeán is airde cumais acu agus chun earcaíocht a chur chun cinn ar an mbonn geografach is leithne is féidir as measc náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais. Áirítear orthu sin, go háirithe, an leibhéal oideachais agus dioplóma is gá, an taithí ghairmiúil agus bhainistíochta a bhfuiltear ag súil léi, agus na riachtanais teanga a bhaineann le dualgais an phoist atá le líonadh.

Chomh maith le curriculum vitae agus litir inspreagtha, éilíonn an comhad iarratais go ndéanfaidh an t-iarratasóir cur i láthair gairid ar a fhís nó ar a fís maidir le gníomhaíochtaí agus bainistíocht seirbhíse amhail an tseirbhís is ábhar don ghlao ar iarratais. Leis an 'tionscadal seirbhíse' sin, is féidir measúnú a dhéanamh ar chumas an iarrthóra fís straitéiseach a fhorbairt. Is uirlis mhachnaimh d'iarrthóirí í agus is uirlis í don institiúid chun a tuiscint ar phróifíl an iarratais a bheachtú.

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirfear isteach faoin sprioc-am agus ina mbeidh na doiciméid uile a bheidh ag teastáil sa ghlao ar iarratais.

Faigheann an fhoireann atá freagrach as nósanna imeachta roghnúcháin i Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna na Cúirte na hiarratais, déanann sí monatóireacht ar iarrthóirí agus gabhann sí leo le linn an nós imeachta.

Tá an painéal réamhroghnúcháin, a bhformheastar a chomhdhéanamh ag an am céanna leis an nglao ar iarratais, comhdhéanta de Chláraitheoir na Cúirte, de chomhalta amháin nó níos mó d'ardbhainistíocht na Cúirte agus, i bhformhór na gcásanna, de dhuine seachtrach a chomhlíonann nó a chomhlíon dualgais ardleibhéil sa réimse lena mbaineann, ó bhainistíocht shinsearach na n-institiúidí eile de ghnáth.

Scrúdóidh an painéal réamhroghnúcháin na comhaid iarratais, cinnfidh sé an bhfuil na hiarratais inghlactha agus an gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach sa ghlao ar iarratais. Ansin, déantar comparáid idir próifílí na n-iarrthóirí incháilithe, ar bhonn na faisnéise a thug siad ina n-iarratas, i bhfianaise na próifíle inmhianaithe a bhfuil cur síos uirthi sa ghlao ar iarratais.

Tabharfar cuireadh chun agallaimh os comhair an phainéil do na hiarrthóirí a meastar a gcomhaid iarratais a bheith ar na comhaid is ábhartha do na critéir mheastóireachta agus do riachtanais an phoist atá le líonadh. Déanfar agallaimh sa teanga nó sna teangacha is gá sa ghlao ar iarratais.

Tar éis na n-agallamh, déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin a chur chuig an gCoiste Riaracháin [1] na hiarratais go léir, tábla a dhéanann meastóireacht ar na hiarratais go léir, tuarascáil mheastóireachta mhionsonraithe ar na hiarrthóirí a cuireadh faoi agallamh agus gearrliosta de na hiarrthóirí ar cosúil gurb iad is fearr atá in ann na dualgais i dtrácht a chomhlíonadh.

Tabharfaidh an Coiste Riaracháin éisteacht do na hiarrthóirí go léir ar an ngearrliosta nó do chuid acu nó d'aon iarrthóir eile ar mian leis éisteacht leis. Déanfaidh sé togra maidir leis an iarrthóir atá le ceapadh agus cuirfidh sé faoi bhráid Chruinniú Ginearálta na Cúirte Breithiúnais [2] é, ag a bhfuil an chumhacht oifigigh shinsearacha a cheapadh.

# Nós imeachta earcaíochta le haghaidh meánbhainisteoirí (Cinn Aonaid agus Leas-Chinn Aonaid)

I gcomhréir le forálacha Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne *, leagtar síos sa nós imeachta earcaíochta do mheánbhainisteoirí na Cúirte go bhfoilseofar fógra folúntais, i gcomhthéacs aistriú inmheánach agus/nó idirinstitiúideach oifigigh an Aontais Eorpaigh. I gcás inarb iomchuí, féadfar comórtas a eagrú, bíodh sé (i) inmheánach don institiúid, (ii) oscailte d'iarrthóirí ó institiúidí agus ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais, (iii) oscailte, i.e. oscailte do dhaoine ó lasmuigh d'institiúidí agus de chomhlachtaí an Aontais.

Is é an Coiste Riaracháin a bheidh ina údarás ceapacháin, ach amháin i leith baill foirne mheánbhainistíochta i gClárlann na Cúirte Ginearálta, a bhfeidhmeoidh an Bord Bainistíochta [3] an chumhacht cheapacháin ina leith.

Cinneann an t-údarás ceapacháin folúntas a líonadh do Cheann Aonaid nó do Leas-Cheann Aonaid, cinneann sé an nós imeachta earcaíochta, formheasann sé an fógra folúntais agus, i gcás inarb iomchuí, déanann sé comórtas a eagrú agus comhaltaí an bhoird roghnúcháin a cheapadh, agus ansin déanann sé an ceapachán.

Is painéal meastóireachta, nó bord roghnúcháin i gcás comórtais, a dhéanann na hiarrthóirí a roghnú, agus sainítear a chomhdhéanamh i bhfianaise shaintréithe sonracha na seirbhíse lena mbaineann agus riachtanais an phoist atá le líonadh.

Féadfar cuireadh chun agallaimh a thabhairt d'iarrthóirí a gcomhlíonann a gcomhad iarratais na ceanglais incháilitheachta agus inghlacthachta a leagtar amach san fhógra folúntais agus ar cosúil go gcomhlíonann a n-iarratas an phróifíl atá ann.

Féadfaidh trialacha scríofa agus/nó trialacha ó bhéal a bheith mar chuid den nós imeachta roghnúcháin.

Is é cuspóir na n-agallamh measúnú a dhéanamh ar spreagadh, ar eolas ar na hábhair a bhaineann le dualgais an phoist agus ar na scileanna teanga agus ginearálta is gá don phróifíl atá á lorg.

Tugtar tuairisc sna fógraí comórtais ar na socruithe le haghaidh na dtrialacha i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.

I bhfianaise na n-iarratas agus na tuarascála meastóireachta arna dtarraingt suas ag an bpainéal, déanfaidh an t-údarás inniúil an cinneadh ceapacháin.

[1] Is é Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bheidh ina chathaoirleach ar an gCoiste Riaracháin. Tá sé comhdhéanta freisin de sheachtar Comhaltaí den Chúirt Bhreithiúnais, chomh maith leis an Uachtarán agus triúr Comhaltaí den Chúirt Ghinearálta. Beidh de chúnamh ag an gCoiste Riaracháin Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais. Freastalóidh Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta ar chruinnithe an Choiste Riaracháin.

[2] Beidh an Cruinniú Ginearálta comhdhéanta de Bhreithiúna agus Abhcóidí Ginearálta uile na Cúirte Breithiúnais. Beidh Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais i láthair.

[3] Tá Bord Bainistíochta na Cúirte Ginearálta comhdhéanta d'Uachtarán na Cúirte Ginearálta, Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta agus cúigear Breithiúna eile de chuid na Cúirte Ginearálta. Tabharfaidh Cláraitheoir na Cúirte Ginearálta cúnamh don Bhord Bainistíochta.

---

[*] Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos **Rialacháin Foirne Oifigigh** an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385), arna leasú.

Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 29(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne:

'*1. Sula líonfar folúntas in institiúid, scrúdóidh an t-údarás ceapacháin an méid seo a leanas ar dtús:*

*a) an fhéidearthacht an post a líonadh leis na modhanna seo a leanas:*

*i) aistriú a dhéanamh, nó*
*ii) ceapachán i gcomhréir le hAirteagal 45a, nó*
*iii) ardú céime*
*laistigh den institiúid;*

*b) iarrataí ar aistriú ó oifigigh den ghrád céanna in institiúidí eile, agus/nó*

*c) murarbh fhéidir an folúntas a líonadh leis na modhanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), na féidearthachtaí maidir le scrúdú a dhéanamh ar liostaí na n-iarrthóirí oiriúnacha de réir bhrí Airteagal 30, i gcás inarb iomchuí, agus na forálacha ábhartha d'Iarscríbhinn III maidir le hiarrthóirí oiriúnacha á gcur san áireamh, agus/nó*

*d) an fhéidearthacht comórtas a eagrú laistigh den institiúid nach mbeidh oscailte ach d'oifigigh agus don fhoireann shealadach dá dtagraítear in Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh;*

*nó leanfar an nós imeachta le haghaidh comórtas ar bhonn cáilíochtaí nó trialacha, nó ar bhonn cáilíochtaí agus trialacha araon. Leagtar síos an nós imeachta iomaíochta in Iarscríbhinn III.*

*Féadfar tús a chur leis an nós imeachta sin freisin chun painéal a chruthú le haghaidh earcaíochta sa todhchaí.*

*Agus an prionsabal á choinneáil go mbeidh formhór mór na n-oifigeach le hearcú ar bhonn comórtas oscailte, féadfaidh an t-údarás ceapacháin a chinneadh, de mhaolú ar phointe (d) agus i gcásanna eisceachtúla amháin, comórtas a reáchtáil laistigh den institiúid a bheidh ar oscailt d'fhoireann ar conradh freisin mar a shainmhínítear in Airteagal 3a agus in Airteagal 3b de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh. Tá an chatagóir dheireanach foirne sin faoi réir srianta maidir leis an bhféidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 82(7) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus maidir leis na cúraimí sonracha a bhí baill na catagóire sin i dteideal a chomhlíonadh mar bhaill foirne ar conradh.*

*2. Féadfaidh an t-údarás ceapacháin nós imeachta seachas an nós imeachta comórtais a ghlacadh chun oifigigh sinsearacha a earcú (Ard-Stiúrthóirí nó a gcomhionann de ghrád AD 16 nó AD 15 agus Stiúrthóirí nó a gcomhionann de ghrád AD 15 nó AD 14) agus, i gcásanna eisceachtúla, chun earcú i bpoist ina dteastaíonn cáilíochtaí ar leith.*'

*[Aistriúchán neamhoifigiúil]*